

HANNRAOI Ó TUATHAILL

AN CHAOI A BHFUIR HANNRAOI AN CEOL

Fear óg a bhí ann, fear gameamhail, ní raibh fhios aige céard a dhénfadh sé le croidhe agus misneach. Casadh cailleach oidhche dó. D'fhiafruigh sí dó ar mahaith leis a bheith ina phíobaire.

"Sé a bhfuil uaim" adeir sé.

Shín sí chuige maide snímh agus cuigéal.

"A chailleach, cén gnaithe a bheadh aige díobh sin le haghaidh ceoil?"

"Bhí fhios agam, a Hannraoi, go bhfuigheá locht orthab, ach tabhair dhom iad agus déanfamuid níos fearr iad" adeir sí.

Thug Hannraoi di iad agus chuir sí thart iad agus rinne sí píobaí díobh. Shinn sí orthab agus mhúin sí an ceol dó. Shín sí chuige na píobaí agus agus bhí sé i ndon na puirt a sheinnm chomh maith léithe-se.

Ní raibh ceoltóir ar bith in Éirinn a bhí cho maith le Hannraoi. Ní raibh aon chainnt ar aon píobaire ach air. Cuireadh geall thall i Sasana go raibh píobaire i Sasana a bhí ní ab fhearr ná é. Cuireadh Hannraoi anonn a' ceapadh go raibh daoine i Sasana a mholfadh an chraobh leis. Bhíodar annsin a' seinnm gach lé port go raibh sé ina dó dhéag gan fhios acan céacab den dá píobaire ab fhearr ná a chéile. Annsin sheinn siad cupla port eile agus ba mhaith le cuid de na Sasanaigh an barr a thabairt don píobaire Sasanach ar Hannraoi. Ar a' bpointe boise is a labhradar thuit chuile dhuine dá raibh sa teach ina chodladh ach Hannraoi.

Níorbh fhada a bhí siad ina gcodladh nuair a d'airigh Hannraoi an fhairrge a' bualadh isteach ar na fuinneogaí, maomanna móra a bualadh ar an fuinneogaí, agus go dtáinig an chaileach isteach an fhuinneog aige.

"Ara a Hannraoi tá tú ann" adeir sí.

"Ara a chailleach" adeir Hannraoi, "is deas an gléas báis a thug tú dom nuair a thug tú an ceol dom."

"Níor sheinn tú an Ceann Dubh Dílís fós dóibh" adeir sí.

"Cén nós a seinnfinn" adeir sé, "nuair nach raibh sé agam."

"Ní bheidh tú i bhfad mar sin" adeir sí.

Chuir sí thart uirthi na píobaí annsin agus sheinn sí an Ceann Dubh Dílís agus mhúin sí do Hannraoi é. Chuir Hannraoi thairis na píobaí aríst agus thosuigh sé a' seinnm an Ceann Dubh Dílís. Tosuigh a raibh de throsagán agus de ghréithe sa teach a' rinnce, na cathaoireacha, na buird, na sgeana, na spúnóga, na miasa, na crúisgíní, is na copáin ar an mbord nó gur dhúisigh an torann na daoine a bhí ina gcodladh. D'imthigh an chailleach aríst.

Nuair a chuala na daoine an Ceann Dubh Dílis dá chasadh ag Hannraoi mholadar an barr dó ar an Sasanach agus an mhuintir a bhí ina pháirt chrochdar suas ar a nguailní é. Bhí an barr ag Hannraoi aríst go bhfuair sé bás, le ceol.

6/12/32